C/2025/120

10.1.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát

(COM(2024) 599 final – 2024/0599 (NLE))

(C/2025/120)

Rapóirtéir: **Giovanni MARCANTONIO**

Comhairleoir	Ester DINI
Nós imeachta reachtach	Rianaire Dlí an Aontais Eorpaigh
Comhairliúchán	15.7.2024
Bunús dlí	Airteagal 148 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Doiciméid an Choimisiúin Eorpaigh	COM(2024) 599 final – 2024/0599 (NLE)
Na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) lena mbaineann	SFI 1 – Díothú na bochtaineachta SFI 5 – Comhionannas inscne SFI 8 – Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch SFI 10 – Neamhionannais laghdaithe
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	3.10.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	591
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	239/0/3

1. MOLTAÍ

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

1.1. Is díol sásaimh do CESE an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát arb é is aidhm dó geilleagar iomaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn. Is cúis mhór áthais do CESE gur tugadh na treoirlínte sin cothrom le dáta chun gnéithe breise a chuimsiú iontu, i gcomhréir le riachtanais nua an mhargaidh saothair.

1.2. Tá CESE á chur i bhfios gur gá féachaint le cóineasú aníos a bhaint amach agus ról an tSeimeastair Eorpaigh a neartú ó thaobh tacú le freagairtí éifeachtacha comhordaithe i leith an bheartais eacnamaíoch. Sa chomhthéacs sin, tá súil aige go bhfuil na táscairí a úsáidtear sa Seimeastar Eorpach chun anailís a dhéanamh ar staid shóisialta gach Ballstáit chomh tábhachtach céanna leis na táscairí maicreacnamaíocha, agus iarrann sé go ndéanfaí faireachán lena áirithiú nach mbeidh de thoradh ar éifeachtaí an chreata nua rialachais eacnamaíoch go gcuirfear cur chun feidhme threoirlínte fostaíochta na mBallstát, agus baint amach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus spriocanna 2030, i mbaol.

1.3. Tá CESE á chur i bhfáth, i bhfianaise an togra le haghaidh moladh ón gComhairle, gur gá ról na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú (trí idirphlé sóisialta agus cómhargáil) agus, i gcás inarb ábhartha, gur gá eagraíochtaí na sochaí sibhialta a rannpháirtiú i gceapadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe agus na mbeartas fostaíochta.

1.4. Meabhraíonn CESE gur den ríthábhacht é tacú leis an soláthar saothair agus é a mhéadú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht agus ar phoist ardcháilíochta, de dheasca, i bpáirt, na ndeacrachtaí méadaitheacha atá ag gnólachtaí teacht ar an líon foirne atá de dhíth orthu. Ní mór rannpháirtíocht bhreise san fhostaíocht a chothú, go háirithe i measc na ndaoine óga, na mban agus na ndaoine scothaosta. Ba cheart bearta a chur chun cinn chun tacú leis an bhfostaíocht, lena n-áirítear an fhéinfhostaíocht agus ní mór iarrachtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar bhealaí dlíthiúla le haghaidh imirce lucht saothair.

1.5. Tacaíonn CESE leis an iarraidh ón gCoimisiún go neartódh na Ballstáit na beartais um ionchuimsiú arb é is aidhm dóibh comhionannas deiseanna a chur chun cinn ó thaobh rochtain ar obair agus forbairt gairme. Tá na deiseanna sin ríthábhachtach chun rannpháirtíocht bhreise agus margaí saothair níos ionchuimsithí, mar aon le fás inbhuanaithe agus cothrom, a chothú, d'fhonn na grúpaí sin is leochailí agus atá i mbaol a n-eisiata a lánpháirtiú.

1.6. Tá CESE á chur i bhfáth gur den tábhacht é scileanna a neartú i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh atá ar siúl faoi láthair agus gur gá an ceart chun foghlama ar feadh an tsaoil agus chun rochtana éifeachtaí ar oideachas agus oiliúint ardcháilíochta ar feadh an tsaoil a aithint agus a áirithiú. Meabhraíonn sé a thábhachtaí atá scileanna bunúsacha nach féidir déanamh dá n-uireasa sa lánpháirtiú gairmiúil.

1.7. Agus na cleachtais náisiúnta agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú, cuireann CESE chun suntais a phráinní atá sé pá cothrom agus cuibhiúil a áirithiú, i gcomhréir leis an táirgiúlacht agus an t-iomaíochas, tríd an gcómhargáil, rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta agus glacadh uirlisí éifeachtacha bailithe sonraí a chur chun cinn, agus trí leibhéil phá agus dinimic pá a thomhas agus faireachán a dhéanamh orthu ar bhonn náisiúnta.

1.8. Tá súil ag CESE go dtacóidh na Ballstáit le tabhairt isteach agus cur chun feidhme na hintleachta saorga sna timpeallachtaí oibre agus go ndéanfaidh siad faireachán air sin, lena n-áirítear an bainistiú algartamach, chun úsáid eiticiúil na hintleachta saorga agus úsáid atá inbhuanaithe go sóisialta a chur chun cinn, agus uirlisí iomchuí á gcur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar phoist agus ar eagrú na hoibre, agus ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh deiseanna agus rioscaí féideartha. Toisc scála urghnách na nuálaíochta sin, is inmhianaithe go ndéanfaí comhordú níos fearr ar na straitéisí náisiúnta, ag tosú le comhthiomsú taithí agus meastóireachtaí, agus le rannpháirtíocht iomlán na gcomhpháirtithe sóisialta.

1.9. Meabhraíonn CESE gur den tábhacht é go ndéanfadh na Ballstáit na huirlisí cosanta sóisialta a nuachóiriú (i bhfianaise athruithe móra sa tsochaí, amhail athruithe déimeagrafacha agus bochtaineacht atá ag dul i méid) agus iad féin a chur in oiriúint d'fhoirmeacha nua fostaíochta, lena n-áirítear trína áirithiú go bhfuil cumhdach cosanta sóisialta ag gach oibrí, trí chórais chánach agus sochair a dhearadh ar bhealach níos éifeachtaí agus trí fhaireachán a dhéanamh ar éifeachtaí athdháilte na mbeartas.

1.10. Sa chomhthéacs sin, iarrann sé ar na Ballstáit beartais a thacaíonn le tithíocht inacmhainne, infhaighte agus leordhóthanach a chur i bhfeidhm agus a threisiú, maille le bearta chun an easpa dídine a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear trí leas a bhaint as na huirlisí a chuirtear ar fáil le cistí an Aontais.

1.11. Iarrann CESE ar na Ballstáit borradh a chur faoi cháilíocht na margaí saothair trí éifeachtacht na mbeartas a neartú maidir le hobair neamhrialta a chomhrac agus obair ardcháilíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear an tsláinte agus an tsábháilteacht san ionad oibre agus cosc a chur ar leathadh dálaí oibre neamhfhoirmiúla agus forbhásacha.

2. **NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN**

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.1 agus moladh 1.2

2.1. Le Pacáiste an Earraigh den Seimeastar Eorpach 2024, tugann an Coimisiún Eorpach treoraíocht straitéiseach do na Ballstáit chun cabhrú le tógáil geilleagair láidir a sheasfaidh an aimsir agus a bheidh in ann iomaíochas, athléimneacht agus cruthú fostaíochta ardcháilíochta a áirithiú. In 2024, is é a leagtar amach sna treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát tosaíochtaí coiteanna le haghaidh na mbeartas náisiúnta fostaíochta agus sóisialta, d'fhonn iad a chur i riocht níos cothroime agus níos ionchuimsithí mar chuid den chóineasú sóisialta agus eacnamaíoch aníos agus de neartú an róil a ghlac an Seimeastar Eorpach le cúig bliana anuas ó thaobh tacú le freagairtí éifeachtacha comhordaithe i leith an bheartais eacnamaíoch.

2.2. Tugadh treoirlínte 2023 cothrom le dáta ionas go gcuimseofaí iontu gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna agus saothair agus chun na scileanna bunúsacha agus na scileanna digiteacha a fheabhsú. Cuimsítear iontu freisin teicneolaíochtaí nua, an intleacht shaorga agus an bainistiú algartamach agus an tionchar atá acu sin ar shaol na hoibre. Ina theannta sin, tagraítear sna treoirlínte do thionscnaimh bheartais a rinneadh le déanaí i réimsí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo, amhail obair ardáin, an geilleagar sóisialta agus tithíocht inacmhainne.

2.3. Ag an am céanna, leis an gcreat rialachais eacnamaíoch nua leagtar síos treoirlínte agus cinntí maidir leis an mbeartas fioscach arb é is aidhm dóibh inbhuanaitheacht fiachais na mBallstát a neartú agus fás ionchuimsitheach inbhuanaithe na mBallstát uile a chur chun cinn, trí bheartais fhioscacha stuama, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil fás an ghlanchaiteachais comhsheasmhach leis na ceanglais um choigeartú a leagtar amach sa chreat rialachais nua. Sa chomhthéacs sin, is den tábhacht é a áirithiú nach mbeidh de thoradh ar éifeachtaí an chreata nua rialachais eacnamaíoch go gcuirfear i mbaol cur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta sna Ballstáit ná baint amach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus spriocanna 2030 agus go ndéanfar faireachán ar an méid sin.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.3 (Treoirlíne 8)

2.4. Tá ról ríthábhachtach ag an idirphlé sóisialta ó thaobh mhúnlú na mbeartas eacnamaíoch, saothair agus sóisialta atá dírithe ar an gcóineasú aníos a neartú maidir leis na caighdeáin mhaireachtála agus na dálaí oibre sna Ballstáit agus laistigh díobh, agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin saothair atá os comhair na hEorpa ([1]). Agus tagairt á déanamh do thuairimí a d'fhoilsigh CESE roimhe seo ([2]), meabhraíonn sé gur cheart ról sonrach na gcomhpháirtithe sóisialta a aithint agus a urramú go hiomlán i struchtúir agus i bpróisis an idirphlé shóisialta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon. I gcomhthéacsanna inar cosúil go bhfuil an ról sin lag fós, ní mór creat rialála agus institiúideach a chur chun cinn chun an t-idirphlé sóisialta a neartú agus chun an cumhdach cómhargála a mhéadú, i gcomhréir le forálacha na Treorach maidir le Pá Íosta Leordhóthanach.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.4 (Treoirlíne 5)

2.5. Cé gur éirigh go maith leis an margadh saothair in 2023, tá ganntanas lucht saothair agus scileanna atá ag dul i méid ag cur bac ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an iomaíochas, agus tá an baol ann go gcuirfear moill ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach dá dheasca sin. Sa dara ráithe de 2023, ba é 2,7 % an ráta folúntas, ar ráta é atá os cionn an mheáin 1,7 % a bhí ann sa tréimhse 2013-19 ([3]). Is gá, dá bhrí sin, níos mó de shaoránaigh na hEorpa a rannpháirtiú san fhostaíocht, ag tosú leis na daoine óga. Ba cheart do na Ballstáit gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh siad oideachas agus gairmoiliúint atá ionchuimsitheach, ar ardchaighdeán agus i gcomhréir le riachtanais shaol na hoibre a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí, agus na gníomhaíochtaí meantóireachta, treoraíochta agus comhairleoireachta arna ndéanamh ag na seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha a neartú ag an am céanna, agus, anuas air sin, go ndéanfaidh siad uirlisí ar chaighdeán níos fearr a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí chun daoine óga a lánpháirtiú san fhostaíocht, amhail printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna. Ba cheart dóibh gealltanas a thabhairt freisin go spreagfaidh siad an fhéinfhostaíocht agus an obair intleachtúil agus ghairmiúil – a bhfuil laghdú mór tagtha ar a ráta glactha le blianta beaga anuas, i measc daoine óga go háirithe.

2.6. Is deis í soghluaisteacht an lucht saothair, laistigh agus lasmuigh den Aontas, aghaidh a thabhairt ar riachtanais nach bhfuiltear ag freastal orthu ó thaobh lucht saothair agus scileanna de. Iarrtar ar na Ballstáit díriú tuilleadh ar threisiú na n-uirlisí chun an imirce ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhainistiú (trí bhealaí dleathacha iontrála isteach san Aontas a chur chun cinn), ar fheabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an réamhaisnéisiú a dhéantar ar na riachtanais fostaíochta, ar fheabhas a chur ar na nósanna imeachta chun cáilíochtaí a fhaightear i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad a aithint agus ar uirlisí coisctheacha maidir leis an dúshaothrú agus an obair neamhdhleathach – a mbíonn tionchar acu níos minice ar oibrithe ó thríú tíortha – a chur i riocht níos éifeachtaí. Ag an am céanna, ba cheart dóibh gealltanas a thabhairt go n-áiritheofar go ndéanfar oibrithe ón gcoigríoch a ionchuimsiú ar bhealach níos éifeachtaí i margadh saothair na hEorpa. Tá an easpa aitheantais do cháilíochtaí foirmiúla agus bacainní teanga fós ar chuid de na príomhbhacainní atá ar lánpháirtiú iomlán an lucht saothair ([4]).

([1]) Togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach, COM(2023) 38 final.

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (COM(2023) 38 final — 2023/0012 (NLE)) agus maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú (COM(2023) 40 final) (IO C 228, 29.6.2023, lch. 87).

([3]) Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht.

([4]) Tuairim Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Soghluaisteacht Scileanna agus Tallainne (COM(2023) 715 final) — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear linn tallainne an Aontais Eorpaigh (COM(2023) 716 final — 2023/0404 (COD)) — Togra le haghaidh moladh ón gComhairle An Eoraip ag Bogadh – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách (COM(2023) 719 final) — Moladh ón gCoimisiún maidir le cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint (C(2023) 7700 final) (IO C, C/2024/4067, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4067/oj).

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.5 (Treoirlínte 6 agus 8)

2.7. D'ainneoin fás a bheith ar an ráta fostaíochta le blianta beaga anuas, tá neamhionannais inscne sa mhargadh saothair forleathan i gcónaí agus tá siad le sonrú ar na leibhéil fostaíochta agus ar na bearnaí pá agus pinsin araon. Bíonn tionchar fós ag drochdhálaí oibre agus ag pá íseal ar earnálacha agus ar ghairmeacha, agus is gnách go mbíonn níos mó ban ag obair go páirtaimseartha, lena n-áirítear in obair pháirtaimseartha ainneonach. Ní mór dul i ngleic le neamhionannais inscnebhunaithe tríd an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá a chur chun feidhme go héifeachtach, i measc bearta eile, amhail dreasachtaí cánach, chun rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa mhargadh saothair a chothú. Is den tábhacht é go ngeallfaidh na Ballstáit feabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige agus cúraim fhadtéarmaigh atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne, chomh maith le bearta chun tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil agus dáileadh cothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir fir agus mná.

2.8. Ba cheart iarracht bhreise a dhéanamh freisin fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. D'ainneoin na bhfeabhsuithe a rinneadh le déanaí, in 2022 bhí an bhearna fostaíochta idir daoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas san Aontas cothrom le 21,4 pointe céatadáin, agus ba gheall le dhá oiread ráta dífhostaíochta na ndaoine nach bhfuil faoi mhíchumas ráta dífhostaíochta na ndaoine atá faoi mhíchumas ([5]). I gcomhréir leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, 2021-2030 ([6]), tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun an t-ionchuimsiú sa mhargadh saothair a áirithiú, trí bheartais ghníomhacha fostaíochta, trí acmhainneacht na bhfiontar sóisialta atá in ann ról tábhachtach a imirt i margadh saothair an Aontais a fhorbairt agus trí dhul i ngleic le steiréitíopaí, sin d'fhonn a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar dheiseanna oibre a shásaíonn a riachtanais.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.6 (Treoirlíne 6)

2.9. I bhfianaise na mórchlaochluithe eacnamaíocha agus sóisialta a eascraíonn as an aistriú glas agus as an aistriú digiteach, as daonra atá ag dul in aois agus as claochlú patrún oibre, tá géarghá le bearta chun forbairt daoine aonair, a scileanna agus a n-infhostaitheacht a chur chun cinn, trí scileanna agus inniúlachtaí bunúsacha agus ar feadh an tsaoil a fheabhsú. Is fadhb fós san Eoraip í rannpháirtíocht daoine fásta i ngníomhaíochtaí oiliúna, agus gan inti ach 37,4 % den rannpháirtíocht iomlán. Is céatadán é sin atá i bhfad níos ísle ná an sprioc 60 % atá le baint amach faoi 2030, mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([7]). Ní mór cáilíocht na tairisceana oiliúna a neartú, ó thaobh inneachair, modheolaíochtaí agus uirlisí de, chun go bhfreagróidh an oiliúint do na riachtanais maidir le scileanna atá de dhíth ar ghnólachtaí agus infhostaitheacht na n-oibrithe agus chun tuilleadh rannpháirtíochta a chothú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua. Ba cheart uirlisí a chur chun cinn freisin chun nasc níos dlúithe a chruthú idir oiliúint agus dul chun cinn gairme, agus chun tacú le hanailísiú scileanna an duine aonair agus le forbairt, cur chun feidhme agus aithint micridhintiúr, i gcomhréir leis na moltaí ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair. Ina theannta sin, ba cheart ról na seirbhísí fostaíochta, idir na seirbhísí poiblí agus na seirbhísí príobháideacha, a neartú tuilleadh trí acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dóibh. Mar a cuireadh in iúl i dtuairimí roimhe seo, ní mór an ceart chun foghlama ar feadh an tsaoil agus chun rochtana éifeachtaí ar oideachas agus oiliúint ardcháilíochta ar feadh an tsaoil a aithint agus a áirithiú ([8]), lena n-áirítear trí mheastóireacht a dhéanamh ar uirlisí nua ar nós saoire íoctha chun críoch oiliúna.

2.10. Go háirithe i gcás na n-oibrithe ar dócha gurb iad is mó a bheidh thíos leis an gclaochlú atá ar bun agus iad siúd a bhfuil a n-infhostaitheacht íseal, is gá na huirlisí uas-scilithe agus athscilithe uile a neartú, agus go ndéanfaí idirghabhálacha beartais gníomhacha spriocdhírithe de chineál oideachais ach de chineál comhairleach freisin, a bhaineann le tacaíocht ghníomhach chun post a chuardach. Ba cheart leas a bhaint as na féidearthachtaí atá ann de bharr fheidhmchláir na hintleachta saorga chun idirghabhálacha beartais a shaincheapadh agus ba cheart uirlisí a chur i bhfeidhm chun gur féidir faireachán éifeachtach iontaofa a dhéanamh ar thionchar na mbeart oiliúna, ó thaobh rochtain ar fhostaíocht agus aistriú gairmiúil de.

2.11. Baineann an-phráinn go deo le hoiliúint dhigiteach a chur ar fáil, do dhaoine fásta agus do dhaoine óga araon. Agus feidhmchláir na hintleachta saorga á gcur chun feidhme san ionad oibre, beidh sé níos tábhachtaí fós scileanna digiteacha agus teicneolaíochta an phobail a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart do na Ballstáit bearta níos cinntithí a dhéanamh chun dul i ngleic leis an dúshlán sin, trí fheabhas a chur ar scileanna digiteacha daltaí scoile agus daoine fásta de gach aois agus trí éiceachórais oideachais agus oiliúna digití a fhorbairt agus tacaíocht á fáil acu sin ó eochairthosca cumasúcháin, amhail nascacht ardluais do scoileanna, trealamh agus oiliúint múinteoirí.

([5]) Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht.

([6]) An Coimisiún Eorpach. *Pacáiste Fostaíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas chun torthaí mhargadh an tsaothair a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas*.

([7]) Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht.

([8]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle — Treoirlínte do Bheartais Fostaíochta na mBallstát [COM(2023) 599 final – 2023/0173 (NLE)] (IO C, C/2023/870, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/870/oj).

2.12. Is den ríthábhacht é dlús a chur le nuachóiriú na gcóras oideachais ar gach leibhéal agus na gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna chun a áirithiú go gcomhlíonfar na riachtanais atá agus a bheidh ag gnólachtaí maidir le scileanna, go háirithe i bhfianaise an tionchair a bheidh ag feidhmchláir na hintleachta saorga. Ní mór an soláthar oiliúna le haghaidh scileanna crua, go háirithe in ETIM, agus an soláthar oiliúna le haghaidh scileanna boga, a neartú chun na glúnta nua a ullmhú le go mbeidh siad in ann oibriú i gcomhthéacs ina bhfuil an comhtháthú idir daoine agus an teicneolaíocht ag dul i méid. Ag an am céanna, is gá na scileanna bunúsacha a neartú freisin, agus is é sin an bealach is fearr chun deimhin a dhéanamh de go bhfaighfear bealach isteach i gconair ghairme. Is scileanna riachtanacha iad an léitheoireacht, an scríbhneoireacht, an labhairt agus an comhaireamh chun go n-éireoidh leis an lánpháirtiú gairmiúil, go háirithe i gcás daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.7 (Treoirlínte 5 agus 6)

2.13. D'ainneoin méaduithe ar an bpá ainmniúil, tá laghdú tagtha ar an bhfíorphá i mbeagnach gach Ballstát de dheasca an bhoilscithe ([9]). Tá bochtaineacht an lucht saothair fós ina mhórábhar imní. Chomh maith le faireachán agus maolú a dhéanamh ar thionchar diúltach an bhoilscithe ar chumhacht cheannaigh na n-oibrithe, ní mór éifeachtacht na n-uirlisí atá ceaptha chun pá cothrom agus cuibhiúil a áirithiú, sin agus a fhreagraíonn freisin d'fhorbairtí táirgiúlachta, a neartú, ní hamháin do shaothraithe ar phá íseal ach freisin dóibh siúd go léir a thuilleann meánleibhéal pá, a ndearna an brú boilscitheach difear dá gcumhacht cheannaigh le blianta beaga anuas. Is den tábhacht é go gcuirfeadh na Ballstáit an Treoir maidir le Pá Íosta Leordhóthanach chun feidhme ina hiomláine.

2.14. Creideann CESE gur cheart do na Ballstáit an chómhargáil a chumasú, a spreagadh agus a chur chun cinn sa réimse sin, feabhas a chur ar ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus sonrú a dhéanamh ar uirlisí iomchuí chun leibhéil an chumhdaigh cómhargála, atá lag ina lán tíortha go fóill, a thomhas. Ba cheart uirlisí éifeachtacha bailithe sonraí a bheith acu freisin chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí tuarastail agus chun fás pá a chur chun cinn, i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta, le dálaí socheacnamaíocha náisiúnta agus le leibhéil táirgiúlachta, le hiomaíochas agus le forbairtí, agus na difríochtaí earnála agus réigiúnacha á gcur san áireamh.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.8 (Treoirlíne 7)

2.15. Tá an obair ar cheann de na gnéithe den tsochaí a bhfuil an claochlú is mó á dhéanamh uirthi de thoradh córais na hintleachta saorga a bheith á dtabhairt isteach. Is féidir an intleacht shaorga a úsáid chun feabhas a chur ar eagrú sreafaí oibre, chun deireadh a chur le tascanna contúirteacha agus leadránacha, chun ionchuimsiú daoine faoi mhíchumas a chothú, agus chun cuidiú leis an margadh an bhearna sa soláthar saothair a dhúnadh. Is féidir leis cabhrú freisin leis an oiliúint agus na beartais luaíochtbhunaithe agus leasa a mheaitseáil níos fearr le riachtanais na n-oibrithe agus de réir cur chuige a mheastar a bheith bunaithe níos mó ar fhiúntas. Is ábhar imní é forbairt na hintleachta saorga freisin, áfach, ó thaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aici ar na leibhéil fostaíochta agus ar shaol na n-oibrithe. Maidir leis an úsáid mhéadaitheach atáthar a bhaint as an intleacht shaorga chun tacú le cinnteoireacht a bhaineann leis na hoibrithe, d'fhéadfadh dúshláin a bhaineann le cearta oibrithe, dálaí oibre agus ioncam teacht as an úsáid sin. Is féidir leis an intleacht shaorga an chaoi a ndéantar faireachán agus bainistiú ar an obair a athrú agus d'fhéadfaí, dá bharr sin, príobháideachas agus neamhspleáchas na n-oibrithe a chur i mbaol. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go ndéanfaí claontacht agus idirdhealú a thabhairt isteach nó a bhuanú, ag cur leis na neamhionannais atá ann cheana. Ina theannta sin, tá imní ann i dtaobh trédhearcacht agus inmhínitheacht na n-algartam, agus i dtaobh a gcuntasachta.

2.16. Dá bhrí sin, is tosaíocht é do na Ballstáit tionchar na hintleachta saorga ar an bhfostaíocht agus ar eagrú na hoibre a thomhas, agus faireachán agus measúnú a dhéanamh air, chun úsáid eiticiúil na hintleachta saorga agus úsáid atá inbhuanaithe go sóisialta a chur chun cinn, le gur féidir iomaíochas na gcóras, an fhostaíocht agus cáilíocht na bpost a fheabhsú, gan an bonn a bhaint de chearta na n-oibrithe ná dochar a dhéanamh do na dálaí oibre. Beidh de thoradh ar an intleacht shaorga freisin go gcuirfear athrú ollmhór ar eagrú na hoibre. Is den ríthábhacht é, dá bhrí sin, go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go hiomlán (ar gach leibhéal) i mbainistiú na n-athruithe sin agus i sonrú samhlacha nuálacha i gcomhair eagrú na hoibre, agus an prionsabal 'duine i gceannas' á chosaint ag an am céanna. Tá an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil ríthábhachtach chun na hathruithe a eascraíonn as forbairtí teicneolaíochta a bhainistiú, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun oiriúnú na n-oibrithe a chothú, trí fhreagairtí beartais iomchuí tráthúla a fhorbairt. Mar gheall ar scála stairiúil an chlaochlaithe leanúnaigh seo, is inmhianaithe go ndéanfaí na straitéisí náisiúnta a chomhordú ar bhealach níos fearr, ag tosú le comhthiomsú taithí agus meastóireachtaí.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.9 (Treoirlíne 8)

2.17. Tá ról lárnach ag córais cosanta sóisialta ó thaobh an comhtháthú sóisialta agus an tslándáil eacnamaíoch a áirithiú agus ó thaobh na rioscaí a bhaineann le díchobhsú maicreacnamaíoch a chomhrac. Dá bhrí sin, ní mór iad a chur in oiriúint do na riachtanais nua, agus cuspóirí na hinbhuanaitheachta eacnamaíche á gcur san áireamh, agus, i gcás aosú an daonra, do na hathruithe i saol na hoibre – an méadú ar fhoirmeacha nua oibre go háirithe – agus do na spriocanna fioscacha dá bhforáiltear sa phacáiste eacnamaíoch nua. D'fhéadfadh leas corparáideach a bheith ina thoisc freisin chun tacú le córais cosanta sóisialta agus chun iad a chomhlánú, agus é a úsáid ar bhealach comhlántach seachas é a chur in ionad an chórais leasa phoiblí.

([9]) Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht.

2.18. Is den tábhacht é go ndéanfaidh na Ballstáit na córais cosanta sóisialta a athchóiriú i gcomhréir leis na riachtanais atá ann agus a bheidh ann, an rannpháirtíocht san fhórsa saothair a mhéadú, an chosaint shóisialta a chur ar fáil do chineálacha neamhthipiciúla fostaíochta, an t-eisiamh a chosc agus na córais cúraim shóisialta agus cúraim sláinte a neartú, chun margaí saothair ionchuimsitheacha agus an fás inbhuanaithe a chur chun cinn, agus inbhuanaitheacht na gcóras atá ann agus a bheidh ann a áirithiú. Ón taobh sin de, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun measúnuithe córasacha a dhéanamh ar thionchar dáileacháin na mbeart cosanta sóisialta éagsúil, chun a dtionchar sonrach agus foriomlán a mheas agus chun tacú le feabhsuithe beartais.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.10 (Treoirlíne 8)

2.19. I measc na ndúshlán nua atá romhainn tá tithíocht inacmhainne. In 2022, bhí duine as gach deichniúr, beagnach, san Aontas ina gcónaí i dteaghlach arbh ionann na costais iomlána tithíochta sna teaghlaigh sin agus níos mó ná 40 % den ioncam indiúscartha iomlán, agus méadú mór ar an líon sin ó 2020 i leith ([10]). Ní mór do na Ballstáit beartais a thacaíonn le tithíocht inacmhainne, infhaighte agus leordhóthanach a chur i bhfeidhm agus a threisiú, maille le bearta chun an easpa dídine a chosc agus a mhaolú, trí leas a bhaint, i bpáirt, as na huirlisí a chuirtear ar fáil le cistí an Aontais.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.11 (Treoirlínte 7 agus 8)

2.20. Cuireann CESE i bhfáth gur gá na beartais a neartú chun an fhostaíocht neamhdhleathach a chomhrac, trí bhearta coisctheacha agus dreasachtaí a thabhairt isteach maidir leis an bhfostaíocht dhlíthiúil, d'fhonn comhordú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cigireachta agus rialúcháin, lena n-áirítear trí chomhtháthú níos fearr a dhéanamh ar bhunachair sonraí náisiúnta agus úsáid na hintleachta saorga, agus úsáid neamhrialta na n-oibrithe ar postú a chosc. Is den ríthábhacht é cultúr na dlíthiúlachta a scaipeadh ar bhonn níos leithne, lena n-áirítear trí fheachtais faisnéise agus múscailte feasachta, ag tosú sna scoileanna.

2.21. Is é a chiallaíonn an líon ard tionóiscí tionsclaíocha go gcaithfidh na Ballstáit iarracht bhreise a dhéanamh bearta laghdaithe a chur i bhfeidhm agus cigireachtaí saothair iomchuí á ndéanamh chun tacú leis na bearta sin. Tacaíonn CESE leis an gcur chuige 'fís nialais' maidir le básanna a bhaineann leis an obair san Aontas ([11]), agus athdhearbhaíonn sé gur gá infheistíocht a dhéanamh i gcultúr an choisc san ionad oibre.

2.22. De bharr scaipeadh méadaitheach na hoibre ardáin, tá imní ann maidir leis na dálaí oibre agus maidir leis an trédhearcacht a bhaineann le húsáid na n-algartam don bhainistiú saothair. Mar a chuir CESE i bhfios cheana féin i dtuairimí uaidh roimhe seo ([12]), áirítear ar na hábhair imní is mó rochtain níos teoranta ar an gcosaint shóisialta agus ar chumhdach slándála sóisialta, rioscaí sláinte agus sábháilteachta, éiginnteacht fostaíochta, uaireanta oibre ilroinnte agus leibhéil neamhleora ioncaim agus deacrachtaí maidir lena áirithiú go n-aithnítear cearta comhchoiteanna. Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh chun an Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin a chur chun feidhme.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([10]) Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht.

([11]) *EU strategic framework on health and safety at work 2021-2027 – Occupational safety and health in a changing world of work [Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, 2021-2027 – Sábháilteacht agus sláinte cheirde i ndomhan athraitheach oibre]*, COM(2021) 323 final.

([12]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún — Better working conditions for a stronger social Europe: harnessing the full benefits of digitalisation for the future of work [Dálaí oibre níos fearr ar son Eoraip shóisialta níos láidre: leas iomlán a bhaint as an digiteáil ar mhaithe le todhchaí na hoibre] (COM(2021) 761 final) agus an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin (COM(2021) 762 final) (IO C 290, 29.7.2022, lch. 95) agus Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát [COM(2022) 241 final] (IO C 486, 21.12.2022, lch. 161).